**Tuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) 2021/1060 a mhéid a bhaineann le solúbthacht bhreise chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí fhogha míleata Chónaidhm na Rúise FAST (Cúnamh Solúbtha do Chríocha) — CARE**

*[COM(2022) 325 final – 2022/0208 (COD)]*

(2022/C 486/20)

Rapóirtéir: **Elena-Alexandra CALISTRU**

| | |
|---|---|
| Comhairliúchán | Parlaimint na hEorpa, 4.7.2022 |
| | Comhairle an Aontais Eorpaigh, 15.7.2022 |
| Bunús dlí | Airteagal 177 agus Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
| Rannóg atá freagrach | Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta |
| Dáta a glactha sa rannóg | 9.9.2022 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 21.9.2022 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 572 |
| Toradh na vótála | |
| (ar son/in aghaidh/staonadh) | 189/0/1 |

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tríd an togra FAST-CARE atá ag an gCoimisiún, glacadh céimeanna breise a bhfuil géarghá leo chun cuidiú leis na Ballstáit, leis na húdaráis áitiúla, agus le comhpháirtithe na sochaí sibhialta, ionas go bhféadfaidh siad aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí atá ar an ionsaí míleata atá á dhéanamh ag Cónaidhm na Rúise. Is mór an díol sásaimh do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) an pacáiste cuimsitheach nua sin, pacáiste a mhéadóidh an tacaíocht atá á cur ar fáil cheana faoi CARE trí bhíthin tacaíocht bhreise agus solúbthacht bhreise laistigh de chistiú an bheartais comhtháthaithe.

1.2. Tuigeann CESE freisin gur ag méadú go leanúnach atá líon na ndídeanaithe atá ag teacht isteach sna Ballstáit uile, go háirithe thar theorainneacha an Aontais, de thoradh éifeachtaí díreacha agus éifeachtaí neamhdhíreacha an ionraidh gan náire a tharla an 24 Feabhra, agus tuigeann sé, dá bhrí sin, go bhfuil tuilleadh gníomhaíochta ag teastáil. Is cás dífhasaigh atá anseo, agus is bearta eisceachtúla atá ag teastáil le dul i ngleic leis, bearta a bheidh oiriúnach don staid ina bhfuilimid, bearta a chaithfear a chur i bhfeidhm i gcás ina mbíonn imthosca den sórt seo ann. Chun na críche sin más ea, measann CESE go dtugann FAST-CARE freagairt ar na himthosca sin trí chistiú breise a chur ar fáil do na dúshláin imirce atá ag eascairt as ionsaí míleata na Rúise, agus trí chuid den mhoill a bhaint de chur chun feidhme na dtionscadal freisin, moill a tharla i ngeall ar na seacht n-éifeacht a bhí ag COVID-19 ar an saol, sin agus i ngeall ar na costais arda fuinnimh atá ann, mar aon leis an nganntanas amhábhar agus saothair is sliocht ar an gcogadh.

1.3. Le tamall anuas, tá béim ag CESE ar an ngá atá le húsáid gach modha fhéideartha le freagairt éifeachtach a dhéanamh gan moill ar bith. A bhuíochas leis an dícheall atá á dhéanamh go leanúnach chun solúbthacht a áirithiú le haghaidh an chistithe, is éard is dóichí gur faoi CAI 2014-2020 an bealach is éifeachtúla le hinfheistíochtaí an bheartais comhtháthaithe a chur chun feidhme, chomh maith le tús mín réidh a chur le cláir 2021-2027. Is díol sásaimh do CESE gur féidir cómhaoiniú 100 % ó bhuiséad an Aontais a úsáid de réir mar atá an scéal faoi láthair chun cláir an bheartais comhtháthaithe a chur chun feidhme. Is díol sásaimh dó ar an dul céanna go bhféadfaí aistrithe breise a dhéanamh idir Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an Ciste Comhtháthaithe, mar aon le haistrithe breise idir réigiúin de chatagóirí éagsúla.

1.4. Is mór an díol sásaimh do CESE go n-admhaíonn an Coimisiún ualach trom a bheith ar na húdaráis áitiúla agus ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag feidhmiú i measc an phobail go háitiúil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin imirce atá ag eascairt as ionsaí míleata na Rúise. Is díol sásaimh do CESE foráil le híosleibhéal tacaíochta 30 % laistigh de na tosaíochtaí ábhartha a chur i leataobh do na húdaráis áitiúla, do chomhpháirtithe sóisialta agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun a áirithiú go bhfaighidh na cineálacha tairbhí sin a sciar féin de na hacmhainní mar is cuí i bhfianaise a

ghníomhaí atá siad i bhfáiltiú agus i lánpháirtiú na ndídeanaithe. Mar sin féin, b'fhéidir go mbeadh an céatadán sin ró-íseal i gcás tíortha a bhfuil líon mór dídeanaithe á n-óstáil acu. Dá bhrí sin, ba cheart féachaint an bhféadfaí an leibhéal sin a ardú i gcás na dtíortha atá ar theorainn na hÚcráine.

1.5. Creideann CESE go bhfuil ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ag na comhpháirtithe sóisialta, mar eagraíochtaí cur chun feidhme agus mar chomhpháirtithe luachmhara san fhaireachán ar chur chun feidhme na gclár sin, agus tá CESE sásta tuilleadh comhrá a éascú faoin rannpháirtíocht sin d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do chomhpháirtithe sóisialta san Aontas nó san Úcráin. Ba chruthúnas faoin éifeacht atá sa tsochaí shibhialta an beart a rinne sí láithreach bonn nuair a bhí an cogadh ina thús, agus má bhíonn a dóthain acmhainní aici, beidh ceangal láidir ann idir riachtanais an phobail agus an machnamh a dhéanann siad ar bheartais ardleibhéil. Tá CESE fós ag iarraidh a bheith níos rannpháirtí sa fhreagairt láithreach, agus de réir mar atá an cogadh ag dul in ainseal, tá sé fós ag iarraidh go mbeadh lorg a láimhe ar an gclár oibre lánpháirtíochta.

1.6. Is díol sásaimh do CESE an togra ón gCoimisiún leis na Ballstáit a dhíolmhú ó chomhlíonadh na gceanglas i leith an dírithe théamaigh sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020. Fágann sin gur féidir leo cistí a atreorú ó chuspóir téamach go chéile laistigh d'aon réimse tosaíochta amháin ina aon Chiste amháin agus in aon chatagóir réigiúin amháin ó tharla cúrsaí a bheith ag athrú go tréan agus go tapa ar an láthair. Is díol sásaimh do CESE freisin foráil le caiteachas eisceachtúil a cheadú le haghaidh oibríochtaí a cuireadh i gcrích nó a cuireadh chun feidhme go hiomlán ó dháta an ionraidh i leith.

1.7. Tugann CESE dá aire an cumasc de bhearta cuimsitheacha lena gcuirtear san áireamh na riachtanais ar an micrileibhéal/ar an leibhéal aonair (e.g. síneadh ama agus méadú ar an gcostas aonaid nuabhunaithe a cheadaítear chun bunriachtanais agus tacaíocht na ndaoine a dtugtar cosaint shealadach dóibh a chumhdach), chomh maith leis na riachtanais ar an leibhéal maicreacnamaíoch/leibhéal na mBallstát (e.g. oibríochtaí a chéimniú ó chláir 2014-2020 go dtí cláir 2021-2027 chun freastal ar níos mó oibríochtaí a bhfuil moill orthu, gan difear a dhéanamh d'oibleagáidí na mBallstát ó thaobh chomhlíonadh na gceanglas maidir leis an díriú téamach ná comhlíonadh na spriocanna aeráide).

1.8. Tugtar an aird chuí freisin ar na forálacha atá ann le cuid den ualach riaracháin a bhaint de na Ballstáit, chomh maith le gealltanais an Choimisiúin Eorpaigh cuidiú le tairbhithe agus le páirtithe leasmhara trí thacaíocht agus treoir bhreise, e.g. maidir le bainistiú conarthaí soláthair fara róchaiteachas, agus bearta neamhreachtacha agus treoir eile a chur ar fáil. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún obair leis na Ballstáit, leis na húdaráis áitiúla agus leis an tsochaí shibhialta chun deireadh a chur leis na hualaí riaracháin uile nach bhfuil gá leo, agus trédhearcacht iomlán ann san am céanna maidir le leithdháileadh agus forghníomhú na mbeart chun dul i ngleic le hiarmhairtí an chogaidh san Úcráin. Sa chomhthéacs sin, cuireann CESE i bhfios chomh maith gur gá ról níos gníomhaí a thabhairt don tsochaí shibhialta agus do na comhpháirtithe sóisialta ón Aontas agus ón Úcráin chun pleanáil, bainistiú agus faireachán éifeachtach na n-acmhainní a áirithiú agus chun a áirithiú go dtiocfaidh siad chomh fada leis na daoine is géire a bhfuil gá acu leo, sna háiteanna is géire a bhfuil gá acu leo.

1.9. Aithníonn CESE an gá atá ann gach beart féideartha a dhéanamh faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair. Sa chomhthéacs sin, tá an Coiste ar aon rún leis an gCoimisiún faoi Rialachán CAI a leasú ionas go ndéanfar na hacmhainní atá fágtha ó 2014-2020 a optamú, agus ionas go bhféadfar aistriú mín rianúil a dhéanamh go clár 2021-2027. Mar sin féin, cé gur iarr CESE oiread solúbthachta agus ab fhéidir ([1]) ar gach leibhéal ó thús go dtí deireadh na gclár lena áirithiú go mbainfear oiread leasa agus is féidir as na hacmhainní atá ar fáil, de réir mar atá iarmhairtí díreacha agus iarmhairtí neamhdhíreacha an chogaidh san Úcráin ag carnadh orainn, is dóigh le CESE go mb'fhéidir nach mbeidh aon dul as ach uirlisí nuálacha airgeadais nua a thabhairt i gceist ([2]). Ar réiteach féideartha amháin a mhol CESE cheana, bheadh ciste AE ar leith i gcomhair atógáil agus forbairt na hÚcráine chun comhlánú a dhéanamh ar an tacaíocht a tugadh do na Ballstáit a bhfuil an cogadh ar leic an dorais acu ([3]).

([1]) Féach an tuairim ó CESE *COVID-19: Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa – Rialacha eisceachtúla solúbthachta* (níl leagan Gaeilge ann).

([2]) Sna tuairimí ó CESE, leag sé béim i gcónaí ar an ngá atá ann le cinntiú gur féidir uirlisí nuálacha airgeadais a chur le CAI 2021-2027, thar na nithe seo a leanas amach: *An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta*, (IO C 364, 28.10.2020); *COVID-19: Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa – Rialacha eisceachtúla solúbthachta* (níl leagan Gaeilge ann); *An Rialachán maidir leis an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas* (níl leagan Gaeilge ann); *An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD)/ Géarchéim COVID-19* (níl leagan Gaeilge ann).

([3]) Féach an tuairim ó CESE *An 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú*, (IO C 323, 26.8.2022, lch. 54).

1.10. Iarrann CESE ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa an Rialachán a fhormheas go ríluath ionas gur féidir é a ghlacadh a thúisce is féidir. Ós dúshlán mór atá i gceist, is freagairt chomhchoiteann atá de dhíth, freagairt a bheidh níos comhordaithe, go mór mór ó tharla an geimhreadh a bheith ag teannadh linn.

## 2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Ón 24 Feabhra i leith, tá tograí éagsúla curtha síos ag an gCoimisiún, faoi scáth na Gníomhaíochta Comhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE), lena áirithiú go ndéanfar an cistiú atá ar fáil faoi bheartas comhtháthaithe 2014-2020 agus faoin gCiste Eorpach um na Daoine is Díothaí (FEAD) a shlógadh go tapa chun aghaidh a thabhairt ar na chéad iarmhairtí atá ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, chomh maith le réamh-mhaoiniú faoi chláir REACT-EU, agus san am céanna le ligean do na Ballstáit leanúint den dícheall atá siad a dhéanamh leis an téarnamh glas digiteach athléimneach don gheilleagar ón ngéarchéim a bhí ann de dheasca phaindéim COVID-19.

2.2. De réir mar atá méadú ar an easpa agus ar an easnamh, áfach, d’iarr an Chomhairle Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus réigiúin an Aontais ar an gCoimisiún tionscnaimh nua a thíolacadh laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát ar an ábhar sin. Tá tacaíocht ag teastáil anois ar bhealach níos fadtéarmaí i gcomhair na riachtanas atá ag na sibhialtaigh easáitithe. Ba cheart cabhrú leis na daoine sin imeascadh linn trí lóistín agus cúram sláinte a sholáthar dóibh, agus trí rochtain a thabhairt dóibh ar fhostaíocht agus ar oideachas fad a bheidh siad i mBallstáit an Aontais. Ceist seo an fhreastail ar riachtanais fhadtéarmacha na ndídeanaithe, ní miste a rá gur ceist í atá ag dul i gcion ar phobail a raibh tionchar mór ag paindéim COVID-19 orthu (e.g. an t-ualach ar an gcóras sláinte), agus ní miste a rá go bhfuil fadhbanna nua ag baint léi freisin — gnéithe inscne-íogaire na n-idirghabhálacha beartais (e.g. líon beag leanaí atá cláraithe i scoileanna, rud atá ag cur bac an-mhór ar lánpháirtiú gairmiúil na mban).

2.3. Is é an cogadh ba chúis le cliseadh sa slabhra soláthair agus is é ba chúis leis an nganntanas lucht saothair chomh maith. Agus dá bharr agus uile, tá boilsciú ar phraghsanna na dtráchtearraí, praghsanna fuinnimh agus praghsanna ábhar san áireamh. Is buille sa bhreis é sin ar bhuille na paindéime, cuireann sé tuilleadh brú ar na buiséid phoiblí, agus cuireann sé moill arís ar infheistíochtaí, go háirithe sa bhonneagar.

2.4. Tá roinnt athruithe móra á gcur ag FAST-CARE ar reachtaíocht na mbeartas comhtháthaithe 2014-2020 agus 2021-2027 le dlús agus simpliú a chur ar lánpháirtiú na náisiúnach tríú tír sna Ballstáit. San am céanna, tá cúnamh ann do na réigiúin fós a chuideoidh leo sa téarnamh ó phaindéim COVID-19.

2.5. An tacaíocht bhreise dóibh siúd a chuireann fáilte roimh dhaoine easáitithe – na Ballstáit, údaráis áitiúla agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta – is tacaíocht í atá le háirithiú trí na bearta seo a leanas:

— EUR 3,5 billiún breise a chur leis na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe a bheidh le híoc in 2022 agus in 2023, rud a chuirfidh leachtacht bhreise ar fáil do na Ballstáit uile go mear,

— an fhéidearthacht a bhí ann go ndéanfadh an tAontas cómhaoiniú 100 % faoin tréimhse 2014-2020, is féidearthacht í atá á leathnú anois chuig bearta a chuireann lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír chun cinn,

— tá an fhéidearthacht chéanna á leathnú freisin chuig cláir 2021-2027. Beidh athbhreithniú air sin faoi lár 2024,

— méid an chostais aonaid shimplithe chun bunriachtanais na ndídeanaithe a chlúdach, rud a socraíodh ag EUR 40 faoi CARE, tá sin le méadú go EUR 100 in aghaidh na seachtaine in aghaidh an duine. Is féidir na costais sin a tharraingt ar feadh tréimhse suas le 26 seachtaine. 13 seachtaine is fad don tréimhse sin faoi láthair,

— cuirfear síneadh le deis an trasmhaoinithe. Sin deis atá deonaithe cheana faoi CARE idir CFRE agus CSE. Ciallaíonn sin go bhféadfaidh an Ciste Comhtháthaithe acmhainní a shlógadh anois freisin chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí atá ar dhúshláin na himirce,

— an caiteachas a dhéantar ar oibríochtaí le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin na himirce, is caiteachas é is féidir a dhearbhú go cúlghabhálach feasta le haisíocaíocht a fháil, fiú má cuireadh an oibríocht i gcrích cheana féin.

2.6. D’fhonn a áirithiú gur chuig an áit is géire a bhfuil gá leo a chuirfear na hinfheistíochtaí, tá sé i gceist dhá athrú mhóra a chur ar FAST-CARE:

— Ar a laghad 30 % de na hacmhainní a chaitear ar na solúbthachtaí, sin é an céatadán ba cheart a dheonú d’oibríochtaí atá á mbainistiú ag údaráis áitiúla nó ag eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta atá ag feidhmiú sna pobail áitiúla, ionas go mbeidh a leordhóthain tacaíochta ann do na daoine is troime a bhfuil cúram na h-oibre orthu.

— Féadfaidh na cláir tacú le hoibríochtaí nach dtagann faoin raon feidhme geografach atá i gceist leo, ar an gcoinníoll nach ndéanfar sin ach laistigh d’aon Bhallstát amháin, óir is minic a aistríonn na dídeanaithe ó áit go chéile i mBallstát ar leith.

2.7. Maidir le tacaíocht phraiticiúil chun an mhoill atá ar an gcur chun feidhme a leigheas, is féidir leanúint den tacaíocht do thionscadail os cionn EUR 1 mhilliún (go háirithe tionscadail bhonneagair), tionscadail a fhaigheann tacaíocht faoi chláir 2014-2020 agus nach bhféadfaí a thabhairt i gcrích in am mar gheall ar an ardú praghsanna agus an ganntanas amhábhair agus saothair. Sin rud is féidir feasta fiú mura mbeidís incháilithe de bhun na rialacha incháilitheachta a ghabhann leis an tréimhse 2021-2027.

## 3. **Barúlacha sonracha**

3.1. Molann CESE na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach chun modhanna coigeartaithe agus éifeachtúla a bhunú chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil le haghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí atá ar ionsaí míleata na Rúise, ionsaí atá ag fás leis agus an tionchar atá sé a imirt ar an saol ag méadú dá réir. Mar thoradh air sin, tá rabhartaí móra leanúnacha daoine atá ag teitheadh ó ionsaí na Rúise chuig na Ballstáit. Tá an staid sin sa bhreis ar iarmhairtí phaindéim COVID-19, go háirithe cur isteach ar shlabhraí luacha, rud a thugann dúshlán do bhuiséid phoiblí a bhí dírithe ar théarnamh an gheilleagair, ach tá baol ann freisin go gcuirfí moill mhór ar infheistíochtaí, go háirithe i gcás an bhonneagair.

3.2. Aithníonn CESE freisin, ós rud é go bhfuil síormhéadú ag teacht ar éifeachtaí díreacha agus neamhdhíreacha an chogaidh san Úcráin ar na Ballstáit ar fad, gur ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh na modhanna ann chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na himirce agus ar an suaitheadh sa mhargadh. Is trí chumasc de chistiú, de nósanna imeachta agus de chúnamh teicniúil, mar aon le solúbthacht, tráthúlacht, agus freagairt thapa a dhéanfar sin.

3.3. Tá CESE ar aon intinn leis an gCoimisiún gur mithid maoiniú a chur ar fáil trí bhíthin athbhreithniú spriocdhírithe ar an gcreat airgeadais reatha ionas nach gcuirfear isteach ar an gcistiú is gá do na príomhbhearta chun an ghéarchéim a mhaolú agus chun tacú leo siúd atá i lúba an ghátair. I dtuairimí ([4]) eile roimhe seo, is éard a mhol CESE go ndéanfaí acmhainní breise a leithdháileadh láithreach ar na Ballstáit mar réamh-mhaoiniú.

3.4. Is díol sásaimh do CESE síneadh ama a bheith curtha leis an deis suas le 100 % de chómhaoiniú an Aontais a úsáid i gcás na mbeart sin go dtí an bhliain chuntasaíochta dar críoch an 30 Meitheamh 2022 d'fhonn cuid den ualach a bhaint de chóras airgeadais phoiblí na mBallstát, agus is díol sásamh dó an méadú mór atá ar an réamh-mhaoiniú ([5]) ó acmhainní REACT-EU, rud a thugann an leachtacht chuí do na Ballstáit chun na riachtanais is práinní a chumhdach.

3.5. Is díol sásaimh do CESE freisin gur mhol an Coimisiún gur cheart ráta cómhaoinithe suas go 100 % a thabhairt isteach le haghaidh tosaíochtaí a chuireann lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír chun cinn faoi chláir 2021-2027. Cé gurb é an 30 Meitheamh 2024 an dáta deiridh atá luaite leis sin, d'fhéadfaí dul siar air sin ar bhonn na húsáide a baineadh as agus an tsínte a cuireadh leis, más léir go bhfuil sé éifeachtúil. D'fhágfadh sin gur mó solúbthacht agus leachtacht a bheadh ann nuair a thiocfadh riachtanais phráinneacha chistithe i gceist.

3.6. Is mór a mholann CESE an fhoráil gur cheart ar a laghad 30 % den tacaíocht laistigh de na tosaíochtaí ábhartha a dheonú do thairbhithe ar údaráis áitiúla iad, nó comhpháirtithe sóisialta, nó eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta atá ag feidhmiú sna pobail áitiúla, chun a áirithiú go bhfaighidh tairbhithe den chineál sin a sciar féin de na hacmhainní i bhfianaise a ghníomhaí atá siad i bhfáiltiú agus i lánpháirtiú na ndídeanaithe. Mar sin féin, d'fhéadfadh an céatadán sin a bheith ró-íseal i gcás na dtíortha atá ar theorainn na hÚcráine, tíortha a bhfuil i bhfad níos mó dídeanaithe á n-óstáil acu. Dá bhrí sin, cé nach bhfuil ansin ach an leibhéal íosta, ba cheart leithdháileadh ní ba mhó ná sin a thabhairt i gceist. Rud eile, is do thairbhithe ar údaráis áitiúla iad, sin nó eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta atá ag feidhmiú i bpobail áitiúla, ba cheart 50 % ar a laghad den tacaíocht a dheonú laistigh den tosaíocht ar leith.

3.7. Tuigeann CESE gur gá bunchuspóirí an bheartais comhtháthaithe a chaomhnú, agus tuigeann sé nach féidir leis féin leigheas nó réiteach a fháil ar gach uile éigeandáil dá bhféadfadh a bheith ann. Chun na críche sin, tá forálacha ann le teorainn a chur leis an méid iomlán a chuirtear go leataobh faoi thosaíochtaí lánpháirtithe na ndídeanaithe i mBallstát. An teorainn atá ann 5 % de leithdháileadh náisiúnta tosaigh an Bhallstáit sin ó CFRE agus ó CSE+ le chéile. Is furasta an fáth atá leis na forálacha sin a thuiscint. Mar sin féin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na tairseacha sin i dtosach ionas go mbeidh dóthain spáis ann más gá, go háirithe i gcás na dtíortha atá ar theorainn na hÚcráine. Na tíortha a bhfuil formhór mór na dteifeach ón Úcráin á n-óstáil acu, is léir gur mó an dúshlán atá le sárú acu ná ag Ballstáit eile de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart fírinne an scéil ar an láthair a chur san áireamh sna teorainneacha céatadáin, agus ba cheart na héagothromaíochtaí idir na dúshláin atá le sárú ag na mBallstáit éagsúla a chur san áireamh iontu freisin.

---

([4]) Páipéar seasaimh ó CESE maidir le *REACT-EU*.

([5]) Sna tuairimí a d'fhoilsigh CESE cheana, ba dhíol sásaimh dó i dtólamh an méadú céatadáin a cuireadh ar na réamhíocaíochtaí nó ar an réamh-mhaoiniú. Dar leis arís ar ais gur cheart tuilleadh dícheall a dhéanamh lena áirithiú go ndéanfar na hacmhainní airgeadais a shlógadh a thúisce is féidir. Mar a luadh sa pháipéar seasaimh ó CESE maidir le *cúnamh airgeadais do na Ballstáit atá thíos le mór-éigeandáil sláinte poiblí.*

3.8. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún Eorpach obair i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, leis na húdaráis áitiúla agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta chun an leas is éifeachtaí agus is tapa a bhaint as na deiseanna a cruthaíodh faoi FAST-CARE chun tacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe ón Úcráin. Cé go n-iarrtar sa Rialachán ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar chomhlíonadh an choinníll 30 % sa tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme, is éard atá CESE a iarraidh tuairisciú leanúnach, chomh maith le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta san fhaireachán ar chur chun feidhme na bhforálacha sin.

3.9. Tá feidhm ag na breithnithe thuas freisin maidir le pleanáil, cur chun feidhme agus faireachán clár atá nasctha le cur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe agus leis an bpróiseas chun tionscadail atá le cur chun feidhme a roghnú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird a thabhairt ar an mbaol atá ann go n-athrófaí an beartas comhtháthaithe ina shraith de fhreagairtí ilroinnte ar na héigeandálaí sin a bhfuil croitheadh bainte acu as an mór-roinn.

3.10. Ba cheart sineirge shoiléir a chruthú idir prionsabail an chomhtháthaithe agus príomhchuspóirí an bheartais agus na réaltachtaí nua sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a bhaineann le ganntanais lucht saothair, sin agus le deacrachtaí sa slabhra soláthair agus praghsanna agus costais fuinnimh atá ag ardú, d’fhonn an ráta comhtháthaithe cuí a chur ann, ráta a léireodh an úsáid is éifeachtaí is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ann cheana.

4. Tugann CESE dá aire gur roghnaigh an Coimisiún gan bliain bhreise a chur leis an riail n+ 3 i gcomhair 2014-2020. Tugann sé dá aire chomh maith go measann an Coimisiún, gan beann ar thús áite a thabhairt do na leithreasuithe íocaíochta do 2022 agus 2023 (mar gheall ar réamh-mhaoiniú den chuid is mó), go bhfuil FAST-CARE neodrach ó thaobh buiséid de le linn na tréimhse 2021-2027, agus nach gá athruithe a dhéanamh ar uasteorainneacha bliantúla an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh na ngealltanas agus na n-íocaíochtaí. Mar sin féin, molann CESE go láidir don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar thionchar na n-athruithe agus scóip a fhágáil do riachtanais nó do thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn nó ag méadú.

An Bhruiséil, an 21 Meán Fómhair 2022.

*Uachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Christa SCHWENG